Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2026
(OR. en)

7823/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0087 (NLE)**

**ECOFIN 391**
**RELEX 446**
**COEST 257**
**FIN 488**
**CSC 206**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 157 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle<br>lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 157 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 157 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 1.4.2026
COM(2026) 157 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle**

**lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme**

H

# IARSCRÍBHINN

## Measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú faoi chuimsiú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027

### Comhthéacs dlí

Foráiltear le Rialachán (AE) 2026/467 nach mór don Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fháil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, tabharfar sonraí maidir le riachtanais mhaoiniúcháin agus foinsí maoiniúcháin na hÚcráine, le haghaidh an 12 mhí atá le teacht i bprionsabal.

I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2026/467, an 24 Márta 2026, chuir an Úcráin isteach Straitéis na hÚcráine um Maoiniú. Ina dhiaidh sin, an 26 Márta 2026, chuir sí leagan athbhreithnithe de na táblaí atá i gceangal leis seo isteach. Tá na gnéithe uile a cheanglaítear faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2026/467 i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú.

Ceanglaítear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2026/467 go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú gan moill mhíchuí. Áirítear coinníollacha an mheasúnaithe in Airteagal 7(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2026/467:

### Comhar leis an Úcráin

Thionóil seirbhísí an Choimisiúin, in éineacht leis an tSeirbhís Gníomhaíochta Seachtraí, roinnt cruinnithe le hAireacht Airgeadais agus Aireacht Cosanta na hÚcráine sular cuireadh isteach Straitéis na hÚcráine um Maoiniú an 24 Márta 2026 chun plé a dhéanamh ar ullmhú Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, ar riachtanais mhaoiniúcháin agus chosanta na hÚcráine, ar ghealltanais ó dheontóirí agus ar an mbearna mhaoiniúcháin a eascraíonn as sin.

### Iomláine, indéantacht agus comhleanúnachas Straitéis na hÚcráine um Maoiniú leis na toimhdí foluiteacha

Comhlíonann Straitéis na hÚcráine um Maoiniú ceanglais na hiomláine, na hindéantachta agus an chomhleanúnachais faoi Airteagal 7(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2026/467.

Le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú agus leis na táblaí agus na hiarscríbhinní a ghabhann léi, soláthraítear an tacar iomlán faisnéise a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2026/467. Mínítear na príomhchuir chuige mhodheolaíocha agus na príomhthoimhdí modheolaíocha in iarscríbhinn a áirítear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú.

Tá Straitéis na hÚcráine um Maoiniú bunaithe ar an toimhde go leanfaidh an cogadh ar aghaidh le linn 2026. Tá na hathróga maicreacnamaíocha réamh-mheasta agus na cásanna buiséid réamh-mheasta comhsheasmhach leis an mBuiséad Stáit le haghaidh 2026 agus leis an toimhde i

nDearbhú Buiséid 2026-2028 go leanfaidh an cogadh ar aghaidh in 2026. Glactar leis sna réamh-mheastacháin go mbeidh ráta malairte EUR 1 = UAH 49,356 ann le haghaidh 2026.

De ghnáth, cuirtear na réamh-mheastacháin maidir le caiteachas rialtais ghinearálta i láthair sna mionsonraí is gá agus déantar iad a dhí-chomhiomlánú go hiomchuí de réir feidhme agus fo-earnála, lena n-áirítear sonraí cosanta 'ar an mbuiséad' a chuirtear i láthair de réir a n-aicmithe eacnamaíoch.

Cuirtear na réamh-mheastacháin maidir le hioncam rialtais ghinearálta i láthair sna mionsonraí is gá freisin. Áirítear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú faisnéis faoi fhorbairtí airgeadais na hÚcráine san am a chuaigh thart agus faoi fhorbairtí airgeadais réamh-mheasta na hÚcráine, in aghaidh na ráithe agus na bliana, lena n-áirítear faisnéis faoin staid leachtachta (comhardú airgid thirim) ar leibhéal an stáit, agus amúchtaí fiachais, straitéis eisiúna fiachais, sreafaí eile cruthaithe fiachais agus sreafaí eile laghdaithe fiachais agus stoc na riaráistí íocaíochta agus a forbairtí réamh-mheasta ar leibhéal an rialtais ghinearálta.

Áirítear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú faisnéis maidir le riachtanais réamh-mheasta cúnaimh mhíleata chomhchineáil.

Maidir leis na hollriachtanais mhaoiniúcháin, tugtar forléargas maith i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú ar spreagthaí na riachtanas maoiniúcháin sa bhreis ar chomhardú an phríomhbhuiséid, lena n-áirítear forbairtí airgeadais amhail maoláin leachtachta airgid thirim agus tionchar sreafaí a bhaineann le fiachas agus tionchar an amúchta.

Tá na hollriachtanais mhaoiniúcháin a tuairiscíodh comhsheasmhach leis an tuarascáil is déanaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

Maidir le riachtanais chosanta go sonrach, tá miondealú iomlán agus comhleanúnach ar riachtanais i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú idir riachtanais 'ar an mbuiséad' agus riachtanais a bhaineann le cúnamh míleata comhchineáil lasmuigh de raon feidhme ghnáthbhuiséad na hÚcráine. Leis na sonraí agus na míniúcháin a ghabhann leo i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, is féidir tuiscint leordhóthanach a fháil ar riachtanais chosanta 'ar an mbuiséad' agus seachbhuiséid na hÚcráine.

Ar deireadh, tugtar forléargas maith i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú ar thacaíocht réamh-mheasta ó dheontóirí in 2026 le haghaidh tacaíocht 'ar an mbuiséad' agus cúnamh comhchineáil araon.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, cuirtear i láthair ar bhealach comhleanúnach loighciúil riachtanais le haghaidh tacaíocht chosanta dar luach EUR 28,3 billiún agus le haghaidh cúnamh buiséadach dar luach EUR 16,7 billiún.

**Comhsheasmhacht na faisnéise i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú le foinsí seachtracha, lena n-áirítear aon athbhreithniú ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí agus faisnéis ón Ardán Ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí don Úcráin agus ón nGrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine**

Tá Straitéis na hÚcráine um Maoiniú comhsheasmhach leis na foinsí seachtracha atá ar fáil mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2026/467.

Tá sí comhsheasmhach leis an gcás lárnach agus leis na riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh is bonn le Saoráid Fhadaithe Chistiúcháin nua CAI, a d'fhormheas Bord CAI an 26 Feabhra 2026. Fuarthas amach freisin i dtoradh na gcomhairliúchán le CAI go raibh na gnéithe ábhartha de Straitéis na hÚcráine um Maoiniú comhsheasmhach le sonraí CAI.

Maidir le heisíocaíochtaí ráithiúla faoin gcúnamh buiséadach, braitheann Straitéis na hÚcráine um Maoiniú agus na táblaí a ghabhann léi ar thoimhdí coimeádacha maidir le híocaíochtaí faoin tSaoráid don Úcráin sa dara agus sa tríú ráithe de 2026.

Tá an fhaisnéis maidir le cistiú deontóirí eile comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhailítear tríd an Ardán Ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí don Úcráin agus leis na sonraí buiséid a chuirtear i láthair go tráthrialta ag cruinnithe an Ardáin Ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí don Úcráin, agus le toradh na gcomhairliúchán maidir le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú leis an Ardán Ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí don Úcráin.

Tá an fhaisnéis maidir le riachtanais chosanta agus foinsí cúnaimh atá ann cheana comhsheasmhach freisin leis an bhfaisnéis a chomhroinntear tríd an nGrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine**,** agus le toradh na gcomhairliúchán maidir le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú leis an nGrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine.

**Comhsheasmhacht na bearna maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne léi le dáileadh táscach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin**

Tá na figiúirí comhsheasmhach le leithdháiltí táscacha na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a bhunaítear in Airteagal 7(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2026/467. Tugtar le tuiscint leo tús-ualú beag ar an tacaíocht ós rud é gurb é atá sa mhéid a iarradh le haghaidh 2026, EUR 45 bhilliún, leath den chúnamh EUR 90 billiún atá ar fáil agus atá le húsáid sna trí ráithe eile den bhliain, agus EUR 45 bhilliún fós ar fáil le haghaidh 2027 ina iomláine. Tá sé sin comhsheasmhach le cás ina leanfadh an cogadh ar aghaidh in 2026 – cás bunlíne Dhearbhú Buiséid 2026-2028 agus chlár Shaoráid Fhadaithe Chistiúcháin CAI araon.

I gcomhréir le measúnú an Choimisiúin ar iomláine, indéantacht agus comhleanúnachas Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, ba cheart méid iomlán tacaíochta suas le EUR 45 bhilliún, is é sin suas le EUR 16,7 billiún de chúnamh tacaíochta buiséadaí agus suas le EUR 28,3 billiún de thacaíocht chosanta, a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh 2026.

Maidir le leithdháileadh an chúnaimh bhuiséadaigh idir an tSaoráid don Úcráin agus Caibidil III de Rialachán (AE) 2026/467, ba cheart EUR 8,35 billiún a sholáthar i bhfoirm iasachtaí arna gcur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792[1] agus EUR 8,35 billiún a sholáthar mar chúnamh macrairgeadais arna dheonú faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2026/467. Tá sé sin bunaithe ar mheasúnú ar na módúlachtaí maoiniúcháin iomchuí, agus cineál agus práinn na riachtanas maoiniúcháin á gcur san áireamh. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar sceideal na n-íocaíochtaí atá beartaithe faoin gcúnamh buiséadach, cuireann sé san áireamh na foinsí éagsúla cistiúcháin atá ar fáil do Rialtas na hÚcráine. Agus sceideal

---

[1] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin PE/10/2024/REV/1 (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

mionsonraithe na hIasachta Tacaíochta don Úcráin á chur chun feidhme in 2026, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún tráthchodanna ráithiúla a choigeartú de réir éabhlóid staid leachtachta iarbhír Rialtas na hÚcráine. Is é trí thráthchuid an t-uaslíon tráthchodanna le haghaidh cúnamh macrairgeadais in 2026 i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2026/467. Is é luach táscach na dtráthchodanna sin EUR 3,2 billiún, EUR 3,7 billiún agus EUR 1,45 billiún don chéad tráthchuid, don dara tráthchuid agus don tríú tráthchuid faoi seach.

**Comhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2026/467**

Comhlíonann Straitéis na hÚcráine um Maoiniú an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2026/467. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Mar chuid den smacht reachta a choinneáil ar bun agus a urramú, déanfar an t-éilliú a chomhrac. Rinneadh an measúnú mionsonraithe lena chur faoi bhráid chomhlachtaí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2026/467.